# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Eanáir 2022

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí — Junior CYCLE for teachers

[@jct_RE](https://twitter.com/jct_RE)  [www.jct.ie](http://www.jct.ie)  info@jct.ie


A chomhghleacaithe OR,
Fáilte chuig eagrán mhí Eanáir de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Tá súil againn go raibh sos suaimhneach taitneamhach agaibh. Sna míonna amach romhainn, leanfaimid orainn ag fiosrú 8 bPrionsabal na Sraithe Sóisearaí agus an chaoi a dtagann siad chun cinn sa seomra OR. In eagrán na míosa seo, dírímid ar Chruthaitheacht agus ar Nuálaíocht agus roinnimid roinnt faisnéis thábhachtachfaoin lá nua FGL againn a bhfuil tús curtha leis i mí Eanáir. Táimid ag tnúth go mór le sibh a fheiceáil ar líne.

Imeachtaí agus ceiliúrthaí atá le teacht i mí Eanáir ón bhféilire idirchreidmheach:

| | |
|---|---|
| 6ú | Eipeafáine/ Nollaig Bheag (An Chríostaíocht) |
| 10ú | Lá Bodhi (Búdachas) |
| 17ú | Lá Martin Luther King Sr. (Gach creideamh) |
| 27ú | Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe Giúdachas) |

## Lá 4 FGL Seisiún eolais

Tosaíonn na laethanta FGL againn atá le teacht in OR i mí Eanáir agus beidh siad ar siúl go dtí deireadh mhí an Mhárta. Lean an nasc chun teacht ar sheisiún gairid eolais ar ábhar an lae.





https://www.youtube.com/watch?v=ofae0QLUULk

## Seicliosta don chnuaslá

- Maidir leis na laethanta FGL againn, is cóir na nithe seo a leanas a bheith ar láimh:
- Ríomhaire Deisce, ríomhaire glúine nó gléas táibléid (le ceamara gréasáin agus micreafón)
- An dara gléas (úsáideach ach roghnach)
- Treoirlínte
- Peann agus páipéar
- Teacht ar an t onraíocht agus ar Threoirlínte Measúnaithe


## Seicliosta don chnuaslá (ar lean)

Seo nasc chuig gearrthóg físe ina sonraítear roinnt faisnéis an-riachtanach maidir le conas Zoom a úsáid do do chnuascheardlann OR.




https://www.youtube.com/watch?v=j9hba3vhRWM

Go háirithe, cinntigh go ndéantar an feidhmchlár Zoom a nuashonrú ar do ghléas tríd an roghchlár próifíle anuas a oscailt, roghnaigh Seiceáil le haghaidh Nuashonruithe agus lean gach leid ar an scáileán chun an tsuiteáil a thosú.




Priontáil nó íoslódáil leabhrán ag úsáid na nasc seo a leanas:

Leagan clóite PDF : www.jct.ie/perch/resources/religiousedu/ple-4-jan-22-resource-booklet-2.pdf

Leagan Ineagarthóireachta Word : www.jct.ie/religious_education/cpd_workshops_2021_2022

## Prionsabail na Sraithe Sóisearaí: Cruthaitheacht agus Nuálaíocht

An mhí seo, dírímid ar an bpríomhphrionsabal Cruthaitheacht agus Nuálaíocht. Maidir leis an bprionsabal sin, tugann leathanach 11 den Chreat don tSraith Shóisearach (2015), le fios, :

"Cuireann curaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach."



@jct_RE | www.jct.ie | info@jct.ie

## Cruthaitheacht agus Nuálaíocht in OR

Spreagann prionsabal na Cruthaitheachta agus na Nuálaíochta in OR múinteoirí agus scoláirí araon a bheith samhlaíoch, fiosrach agus oscailte ina gcur chuige i leith na foghlama. Ó Earrach 2020, tá múinteoirí OR tar éis éirí níos cruthaithí agus níos nuálaí agus iad ag freagairt do na dúshláin oideolaíocha trí oiriúnú do na cásanna ar leith ina bhfuil muid uile ag feidhmiú.




Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, rinne an TFSS a straitéisí a nuashonrú chun a chinntiú go bhfanfaidh ár seomraí ranga OR ina spásanna cruthaitheacha agus nuálacha. Is féidir le múinteoirí OR leas a bhaint as na straitéisí teagaisc agus foghlama athchóirithe seo chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta agus do scoláirí a bhíonn ag plé le foghlaim ar líne ón mbaile. Tá siad ar fáil le híoslódáil ar https://jct.ie/jcis/classroom_strategies agus cabhróidh siad freisin le múinteoirí OR leanúint ar aghaidh ag cothú cruthaitheachta i bhfoghlaim na scoláirí sna cúinsí neamhghnácha ina bhfuil muid uile ag feidhmiú.

## Teicneolaíocht sa Seomra Ranga

Cé nach bhfuil an chruthaitheacht bunaithe ar úsáid na teicneolaíochta, is féidir léi cabhrú le cruthaitheacht a fhorbairt sa spás ar líne. Chun an chruthaitheacht sin a spreagadh agus a chothú tuilleadh, tá roinnt uirlisí teicneolaíochta tugtha isteach ag foireann OR inár nuachtlitreacha míosúla chun cabhrú le rannpháirtíocht leis an gcruthaitheacht agus leis na príomhscileanna eile i seomra an OR. Is féidir na huirlisí digiteacha seo a úsáid freisin chun teagasc, foghlaim agus comhoibriú a fheabhsú ar líne agus sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta:




https://jct.ie/perch/Reources/Religiousedu/RE-digital-technology-tools-1.pdf

Agus iad in úsáid go cruthaitheach i seomra ranga OR, d'fhéadfadh na tacaí digiteacha seo cabhrú le scoláirí na bearnaí foghlama a tharla le dhá bhliain úsáideach do scoláirí freisin a bhfíseáin, a bpóstaer agus a gcur i láthair féin a chruthú.

## OR agus na hEalaíona




Ag leanúint ar aghaidh le téama na cruthaitheachta, déanann Soul de chuid Disney Pixar iniúchadh ar an téama ag iarraidh cuspóir a aimsiú sa saol trí obair fhiúntach. Tá príomhléargas an scannáin simplí: tá níos mó i gceist leis an saol ná na héachtaí againn. Léirítear an teachtaireacht shimplí seo i gcarachtar Joe Gardner (Jamie Foxx), múinteoir ceoil páirtaimseartha ar mian leis a bheith ar an ardán ina phianódóir gairmiúil snagcheoil. Tá mar a bheadh a shaol ar fad faoi gheasa ag iarraidh an sprioc amháin sin a bhaint amach, ach nuair a fhaigheann sé a deis le Dorothea Williams (Angela Bassett), ní éiríonn le Joe ar an drochuair agus is beag nach scriostar a bhrionglóid, agus caitear isteach sa saol eile é. Ansin buaileann sé le 22 (Tina Fey) nach bhfuil aon spéis aici sa saol ar domhan ná sa rud a thugann brí don saol mar dhea. Ón áit sin, tugann an bheirt faoi dhúshlán "mian chroí" 22 a aimsiú.

Ar aon dul leis na moltaí a tugadh roimhe seo, is scannán é Soul a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag múinteoirí sa seomra ranga sna míonna amach romhainn agus iad ag clúdach torthaí foghlama éagsúla ó shonraíocht OR.

## Ráiteas na míosa

*Cé go mairimid i ndomhan arb é a mian teacht chun críche, ar cosúil go mbíonn sé i gcónaí ar tí géilleadh, tá rud éigin ann nach n-aithníonn clabhsúr a áitíonn orainn tosú as an úr de shíor*

***Brendan Kennelly***

## Liosta Seoltaí

Má tá aithne agaibh ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad le bhur dtoil chun clárú ar an liosta seoltaí againn anseo:

Le gach dea-mhéin,

***Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh***